



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2019
(OR. en)

14487/19

COHAFA 102
COJUR 13
RELEX 1098

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	14077/19 + 14077/19 COR 1
Ábhar:	Cúnamh Daonnúil agus an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta - Conclúidí ón gComhairle (25 Samhain 2019)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcúnamh daonnúil agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, a ghlac an Chomhairle ag an 3732ú cruinniú dá cuid an 25 Samhain 2019.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Cúnamh Daonnúil agus an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta

1. I mbliana, agus 70 bliain Choinbhinsiúin na Ginéive á chomóradh, athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir le cur chun cinn an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus lena urramú, de réir mar a dhéantar é a fheidhmiú i dTreoirínte an Aontais maidir le Comhlíonadh an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta a Chur Chun Cinn. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta, ar cheann de na huirlisí is láidre atá ag an gcomhphobal idirnáisiúnta chun cosaint agus dínit gach duine a áirithiú. Meabhraítear don Chomhairle an oibleagáid an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a urramú agus urraim a áirithiú dó sna cúinsí uile agus athdhearbhaíonn sí a tiomantas do phrionsabail dhaonnúla agus do chuspóirí daonnúla na gníomhaíochta daonnúla a chumhdaítear sa Chomhdhearcaidh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil. Leanfaidh an tAontas dá dhícheall a dhéanamh chun iltaobhachas éifeachtach a neartú agus chun ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn, ar ord é nach bhfuil aon Stát ná aon duine aonair os cionn an dlí agus nach bhfuil aon duine lasmuigh de chosaint an dlí.
2. Is díol sásaimh don Chomhairle an 33ú Comhdháil Idirnáisiúnta den Chrois Dhearg agus an Corrán Dearg, a bheidh ar siúl sa Ghinéiv i mí na Nollag 2019. Is ardán uathúil é a thugann le chéile Stáit, Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge, chomh maith le gníomhaithe ábhartha eile sa réimse daonnúil. Tá rún daingean i gcónaí ag an Aontas gona Bhallstáit leanúint leis an bplé maidir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus na prionsabail dhaonnúla a urramú, a chur chun feidhme agus a neartú a thuilleadh, i ndlúthchomhar le Cumann Náisiúnta na Croise Deirge dá gcuid faoi seach. Aithníonn an Chomhairle go háirithe ról tábhachtach Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge mar chaomhnóir agus mar thionscnóir an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta.

3. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór inní di an méadú atá ag teacht ar líon na sáruihte a dhéantar d'aon ghnó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus iarrann sí ar na páirtithe go léir sna coinbhleachtaí go léir, lena n-áirítear grúpaí neamhstáit armtha, urraim a thabhairt don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus do na prionsabail dhaonnúla. Tá an tAontas meáite i gcónaí ar an gcomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós i gcás ainghníomhartha agus meabhraítear dó go bhfuil sé d'oibleagáid ar gach Stát imscrúdú a dhéanamh ar amhrastaigh de sháruihte tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, más iomchuí, iad a ionchúiseamh nó a eiseachadadh gan beann ar náisiúntacht déantóirí na coire nó i gcás ina ndearnadh na coireanna, i gcomhréir le forálacha ábhartha Choinbhinsiúin na Ginéive agus an dlí náisiúnta. Cuireann an tAontas i dtreis an ról tábhachtach comhlántach atá ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta i gcás nach bhfuil Stát in ann imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh go fírinneach nó nach bhfuil sé toilteanach é sin a dhéanamh. Aithníonn an tAontas freisin rannchuidiú ríthábhachtach na sásraí cuntasachta réigiúnacha chun sáruihte tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a dhoiciméadú agus chun cuntasacht a áirithiú. Molann an tAontas go láidir do na Stáit cosaint leordhóthanach a áirithiú d'íospartaigh agus do dhaoine a d'fhulaing foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe i gcoinbhleacht armtha agus lucht déanta na gcoireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
4. Leanfaidh an tAontas de chomhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus na bprionsabal daonnúil a chur chun cinn ina chuid gníomhaíochtaí féin agus ina chaidreamh le tríú páirtithe, mar a léirítear i dTreoirlínte an Aontais maidir le Comhlíonadh an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta a Chur Chun Cinn. Eiseoidh an tAontas tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme na dTreoirlínte seo. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé ar intinn aige feabhas a chur ar an gcomhtháthú, ar an gcomhlántacht agus ar an gcomhordú idir na beartais agus na gníomhaíochtaí éagsúla atá aige chun an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus chun urraim dó a áirithiú i ngach uile chás. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle atreisiú shainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine i réimsí an cheartais choiriúil idirnáisiúnta agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhtháthú i raon iomlán iarrachtaí an Aontais maidir le bainistiú géarchéime. I ndáil leis sin, meabhraítear don Aontas freisin a thábhachtaí atá sé go n-urramófaí agus go gcuirfí chun cinn an dlí daonnúil idirnáisiúnta i gCoincheap an Aontais maidir le Comhordú Míleata Sibhialta Éifeachtach sa Tacaíocht do Chúnamh Daonnúil agus d'Fhóirithint Tubaistí¹.

¹ A d'fhormheas Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh ar an 30 Eanáir 2019, 5536/19

5. Lorgóidh an tAontas bealaí nuálacha chun eolas ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus leagann sé béim ar ról tábhachtach Chumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge chomh maith leis na Coistí Náisiúnta um an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta sa chomhthéacs sin. Neartóidh an tAontas gona Bhallstáit a n-iarachtaí chun an dlí daonnúil idirnáisiúnta a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den Aontas, go háirithe ar fhórsaí armtha agus ar ghníomhaithe neamhstáit armtha. Is díol sásaimh don Aontas an Glao ar Ghníomhaíocht Dhaonnúil mar uirlis úsáideach de bhearta praiticiúla chun an dlí daonnúil idirnáisiúnta a neartú, gníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal a chothú agus, ar an gcaoi sin, an spás daonnúil a chosaint.
6. Meabhraítear don Aontas go bhfuil an phríomhoibleagáid ar pháirtithe i gcoinbhleachtaí armtha freastal ar riachtanais an phobail atá faoina smacht. Tá sé ríthábhachtach go n-urramóidh gach Stát agus gach páirtí i gcoinbhleachtaí armtha a n-oibleagáid faoiseamh daonnúil a cheadú agus a éascú go pras agus gan bhac. Is cúis mhór inní don Aontas go bhfuil airm phléascacha á n-úsáid go neamh-idirdhealaitheach i limistéir a bhfuil daonra mór iontu agus an tionchar atá ag úsáid den sórt sin ar shibhialtaigh agus ar nithe sibhialta. Leanfaidh an tAontas d'fheabhas a chur ar chosaint na sibhialtach, arb iad na daoine is minice a fhulaingíonn sárúithe tromchúiseacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta, agus é á chur san áireamh go gcuirtear isteach ar bhealaí éagsúla ar fhir, ar mhná, ar bhuachaillí agus ar chailíní ó aoiseanna agus ó chúlraí éagsúla agus á aithint na riachtanais, na cumais, na hacmhainní agus na deiseanna atá acu i ndáil leis sin.
7. Leanfaidh an tAontas de chosaint oibrithe daonnúla agus míochaine a chur chun cinn i limistéir choinbhleachta. Cáineann an tAontas go láidir an méadú atá ag teacht ar líon na n-ionsaithe ar phearsanra daonnúil agus leighis agus ar shaoráidí daonnúla agus leighis chomh maith leis an mbonneagar poiblí, a mbíonn tionchar díreach acu ar shábháilteacht agus ar shláinte sibhialtach. Iarrann an tAontas ar na Stáit agus ar ghníomhaithe neamhstáit deireadh a chur leis na hionsaithe sin láithreach bonn agus staonadh óna gcur i gcrích amach anseo. Meabhraítear don Chomhairle Rún 2286 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le cúram sláinte a chosaint i gcoinbhleacht armtha, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an pearsanra daonnúil uile i dteideal meas agus cosaint faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin tionscnaimh eile, amhail an tionscnamh Cúram Sláinte i gContúirt ó Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle Rún 2462 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, ina n-aithnítear gur gá an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta frithsceimhlitheoireachta ar ghníomhaíochtaí daonnúla go heisiach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí leighis, a chur san áireamh, ar ghníomhaíochtaí iad a dhéanann gníomhaithe daonnúla neamhchlaonta. Tugann an Chomhairle dá haire gur minic a oibríonn gníomhaithe daonnúla i dtimpeallachtaí oibríochtúla inar dócha gurb ann d'eintitis ainmnithe nó eintitis faoi smachtbhannaí nó go bhfuil siad faoi rialú díreach na n-eintiteas sin. Cé go n-aithnítear a thábhachtaí atá sé sreabha aindleathacha airgeadais chuig eagraíochtaí agus líonraí sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a chosc, athdhearbhaíonn an Chomhairle, i gcomhréir leis an Rún ón gComhairle Slándála, nach mór aon bhearta de chuid an Aontais, lena n-áirítear bearta sriantacha agus gach beart frithsceimhlitheoireachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, a bheith i gcomhréir leis na hoibleagáidí uile faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe, agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Féachfaidh an Chomhairle le haon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar ghníomhaíocht dhaonnúil a sheachaint agus spreagann sí na Ballstáit lena áirithiú go mbeidh bearta frithsceimhlitheoireachta agus bearta sriantacha intíre i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.
9. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór inní di na riachtanais dhaonnúla atá ag fás go gasta ar fud an domhain agus athdhearbhaíonn sí a thiomanta atá an tAontas freagairt orthu i ndáil le méid agus éifeachtacht an chistithe dhaonnúil, lena n-áirítear trí ghealltanais amhail na gealltanais a rinne sínitheoirí leis an Margadh Mór. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an tAontas freisin gur iarr sé ar eagraíochtaí daonnúla éifeachtúlacht na freagartha a mhéadú chun a áirithiú go dtabharfar an cúnamh is mó is féidir go díreach do thairbhíthe. Iarrann an tAontas go ndéanfaí measúnuithe comhordaithe ar riachtanais il-gheallsealbhóirí d'fhonn bonn níos cruinne a chur ar fáil le haghaidh cinntí maidir le cistiú agus freagairt.

10. Leagann an Chomhairle béim ar a tiomantas cúnamh daonnúil an Aontais a úsáid chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais na ndaoine is leochailí, lena n-áirítear mná agus leanaí, agus iad siúd is mó atá i mbaoil de bharr, mar shampla, míchumas, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh, cine, bunadh eitneach, aois nó reiligiún. Aithníonn an tAontas freisin an ról atá ag na daoine sin mar phríomhghníomhaithe chun feabhas breise a chur ar phleanáil, ar chur chun feidhme agus ar mheasúnú an chúnamh dhaonnúil. Is díol sásaimh don Aontas *IASC Guidelines on Inclusion of Persons with Disabilities in Humanitarian Action* [Treoirlínte an Bhuanchoiste Idir-Ghníomhaireachta maidir le Daoine faoi Mhíchumas a Chuimsiú sa Ghníomhaíocht Dhaonnúil] a glacadh i mbliana agus cuireann sé in iúl go dtacaíonn sé go hiomlán lena gcur chun feidhme agus lena bpríomhshruthú i ngach gníomhaíocht dhaonnúil i gcomhréir le gealltanais an Aontais féin i réimse chuimsiú an mhíchumais.
11. Meabhraítear don Aontas gur gá an comhordú, an comhleanúnachas agus an chomhlántacht a neartú idir gníomhaíochtaí agus gníomhaithe daonnúla, forbartha agus síochána, mar a chumhdaítear i gCur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha² agus sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt a oibríochtú, a glacadh i mí na Bealtaine 2017³. Le cur chuige na 'dtrí nasc' aithnítear go bhfuil gá le faoiseamh daonnúil, comhar don fhorbairt, idir mheántéarmach agus fhadtéarmach, agus cur chuige agus taidhleoireacht maidir le cothú na síochána, a chuirtear i gcrích i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, i gcásanna casta agus níos faide i gcéin, agus é á áirithiú go n-urramaítear agus go gcloítear le prionsabail dhaonnúla agus go gcoinnítear le cuspóirí an chomhair um fhorbairt. Chun freagairt níos éifeachtaí a chur chun cinn, leanfaidh an tAontas de na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghníomhaíochtaí píolótacha naisc an Aontais a chur i bhfeidhm ar leibhéal na tíre agus cuirfidh sé leis an méid atá bainte amach acu.
12. Meabhraítear don Chomhairle go gcaithfidh an comhphobal idirnáisiúnta cosc coinbhleachtaí a atreisiú, iarracht a dhéanamh coinbhleachtaí a réiteach agus aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais forbartha i ngach géarchéim dhaonnúil, d'fhonn na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil gá le hiltobhachas éifeachtach agus go bhfuil ról na Náisiún Aontaithe i ndáil leis sin ríthábhachtach.

² An Cur Chuige Comhtháite i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha, Meitheamh 2017

³ An Nasc idir Cabhair Dhaonnúil agus Forbairt a Oibríochtú - Conclúidí ón gComhairle (19 Bealtaine 2017), 9383/17

13. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar thionchar daonnúil an athraithe aeráide ar bhealach níos éifeachtaí agus ar an tiomantas atá ann aghaidh a thabhairt ar an tionchar sin agus ar an riosca tubaiste a laghdú agus teacht aniar a chothú sna gníomhaíochtaí ábhartha uile. Athdhearbhaíonn an tAontas na tairbhí a bhaineann le cosc agus le réamhghníomhaíocht, ó thaobh beatha daoine a shábháil agus ó thaobh damáiste d'ábhar a laghdú. Tá cur chun feidhme Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí ar an leibhéal náisiúnta agus trí chomhar idirnáisiúnta fós ina phríomhchuspóir ag an Aontas.
-